



lmetb

*Bord Oideachais agus
Oiliúna Lú agus na Mí*
Louth and Meath Education
and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

**Scéim na dTeangacha Oifigiúla
2021 - 2024**

Clár Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra.....	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime	3
Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM).....	4
2.1 Misean agus Cuspóirí	4
2.2 Príomhfheidhmeanna	4
2.3 Na Príomhsheirbhísí.....	5
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	8
Caibidil 3: Sonraí faoi sheirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach	9
Caibidil 4: Feabhas á Chur ar Sholáthar de Sheirbhísí i nGaeilge	10
Caibidil 5: Feabhas á Chur ar Sholáthar de Sheirbhísí i nGaeilge i gCeantair Ghaeltachta.....	14
Caibidil 6: Cumas Teanga a Fheabhsú.....	15
6.1 Earcaíocht	15
6.2 Oiliúint agus Forbairt	15
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge	16
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	17
Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	17

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a nglacfar leo chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir Alt 14(3) den Acht, tá feidhm ag scéim teanga ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán scéim nua, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM)** á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta lena mbaineann cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó rochtain a fháil air

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt do Chustaiméirí. Cuireadh i dtoll a chéile an scéim seo d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí, ar bhonn céimnithe tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo, gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar **BOOLM**.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán an Scéim seo. Beidh éifeacht léi ó 01 M. Fómhair 2021 seo agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM)

2.1 Ráiteas Misin

“Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tiomanta do shármhaitheas agus nuálaíocht san oideachas do dhaoine óga agus d’aoisigh trí sholáthar seirbhísí dinimiciúla agus iad curtha ar fáil ag foireann ghairmiúil.”

2.2 Príomhfheidhmeanna

Bunaíodh BOOLM faoin Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Leis an Acht um Bhreisoideachas agus Oiliúint 2013, bunaíodh SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna. San Acht seo, foráiltear freisin d’iarfheidhmeanna oiliúna agus baill foirne FÁS a aistriú chuig na BOOnna nuabhunaithe, agus an 1 Iúil 2014, tháinig iar-ionad oiliúna FÁS i nDún Dealgan faoi rialachas BOOLM.

Is é BOOLM an soláthraí oideachais is mó san Oirthuaisceart le freagracht fhorleathan as oideachas agus oiliúint a sholáthar ar fud Chontaetha Lú agus na Mí. Soláthraíonn BOOLM pátrúnacht ghairmiúil do sheacht nIar-Bhunscoile déag, ceithre Scoil Náisiúnta Phobail agus dhá Choláiste Iar-Ardteistiméireachta.

Tá Seirbhís Bhreisoideachais agus Oiliúna ag BOOLM freisin trínar dtairgtear cláir oideachais sholúbtha agus chuimsitheacha ar fud an dá chontae lena n-áirítear Ionad Oiliúna amháin, Ionad Bairr-Fheabhais Réamh-Déantúsaíochta agus Teicneolaíochta, Seirbhísí Foghlama d’Aosaigh, Oideachas Pobail, Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas, Seirbhís um Threoir do Dhaoine Fásta, SDOG agus Ranganna Oíche.

Tá ocht n-ionad Ógtheagmhála ag BOOLM.

Tá BOOLM ina phátrún ar sé Phobalscoil.

2.3 Na Príomhsheirbhísí

Scoileanna agus Coláistí			
	Coláiste Beaufort, An Uaimh		Iarbhunscóil na Sceiche, Dún Dealgan
	Coláiste De Lacy, Cill Dhéagláin	 Coláiste Chú Chulainn Cúram. Forbairt. Feabhas.	Coláiste Chú Chulainn, Dún Dealgan
	Coláiste na hInse, An Inse		Coláiste na Mí, An Uaimh
	Coláiste Pobail Ráth Chairn		Coláiste Pobail Dhún Seachlainn
	Coláiste Uí Chearbhalláin, An Obair		Coláiste Uí Fhiaich, Dún Dealgan
	Coláiste Ráth Tó		Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire
	Iarbhunscóil Naomh Fintina, Maigh Dearnhaí		Pobalscoil Oilibhéir Naofa, Droichead Átha
	Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne		Iarbhunscóil Oilibhéir Naofa, An Seanchaisleán
	CES Dhún Seachlainn	 Coláiste Pobail an Bhóthair Bhuí Enfield Community College	Coláiste Pobail an Bhóthair Bhuí

Bunscoileanna

	SNP Ard Rí, An Uaimh		SNP Fochairde, Dún Dealgan
	SNP Chill Dhéagláin		SNP Dhún Seachlainn

Coláistí Iar-Ardeistiméireachta

	Institiúid Bhreisoideachais Dhroichead Átha		Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne
---	--	---	---

Breisoideachas agus Oiliúint

Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach				Dún Dealgan
Ionad Barr Feabhais Réamh-Déantúsaíochta agus Teicneolaíochta				Dún Dealgan
SDOG	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh	
Ógtheagmháil	Droichead Átha	Dún Dealgan		
	An Uaimh	Baile Átha Troim		
	Ceanannas	Cill Dhéagláin		
	An Inse/ Baile an Bhiataigh	Baile Átha Fhirdhia		
Seirbhísí Foghlama d'Aosaigh Treoir do Dhaoine Fásta Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas Oideachas Pobail	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh	
	Baile Átha Troim	Ceanannas	An Seanchaisleán	
	Maigh Muirí	An Inse/ Baile an Bhiataigh	Dún Seachlainn	
	Dún Búinne	Baile Átha Buí	Cill Dhéagláin	
	Baile Átha Fhirdhia			
Soláthar Cúrsa Tráthnóna	9 n-ionad i Lú agus sa Mhí			
Music Generation	An Lú	An Mhí		
Seirbhísí Óige	An Lú	An Mhí		
Dearbhú Cáilíochta	An Lú	An Mhí		

Pátrúnacht na Pobalscoileanna

Pobalscoil Bhaile Átha Fhirdhia	Pobalscoil Chill Dhéagláin	Pobalscoil Bhaile Átha Buí
PS Naomh Ciarán, Ceanannas	Pobalscoil na Bóinne, Baile Átha Troim	Coláiste Bhaile Mhic Éinigh

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

- Pobal uile de chontaetha Lú agus na Mí
- Mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí arb iad pobail/comharsanachtaí foghlama dár scoileanna uile
- Ionaid oideachais aitheanta agus gach seirbhís eile a chuireann BOOLM ar fáil
- Seirbhísí Oideachais Pobail agus seirbhísí oibre don Aos Óg
- Ranna Stáit/gníomhaireachtaí Leathstáit, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí pobail agus daoine aonair
- Fostaithe BOOLM

Caibidil 3: Sonraí faoi sheirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach

Sonraí faoi sheirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla araon; **lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.**

Soláthar Reatha de Sheirbhísí		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Iar-bhunscoileanna	Riartar gach scoil neamh-Gaeltachta i mBéarla.	Cuirtear an teagasc ar fáil trí Bhéarla i gColáiste Chú Chulainn seachas an tAonad sa scoil, ina gcuirtear an teagasc ar fáil trí Ghaeilge.
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna	I mBéarla amháin	
Ceanncheathrú Riaracháin BOOLM: 1. Bóthar na Mainistreach, An Uaimh 2. Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan	I mBéarla amháin	

Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta	I mBéarla amháin	Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Coláiste Pobail Ráth Chairn		Gaeilge Amháin

Caibidil 4: Feabhas á Chur ar Sholáthar de Sheirbhísí i nGaeilge

Is ceanglais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath sa tábla thíos.

Modhanna cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais	
Fógraí Taifeadta Ó Bhéal		<p>Beidh na fógraí ó bhéal taifeadta seo a leanas i nGaeilge nó sa dhá theanga:</p> <p>(a) Fógraí taifeadta ó bhéal a chuirtear ar fáil ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta poiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí taifeadta ó bhéal a cruthaíodh agus a tharchuirtear trí chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó trí chóras ríomhairithe freagartha teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí ‘taifeadta’ seachas le ‘fógraí beo’.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, éilítear ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid i bhfógraí béil taifeadta a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann.</p>	Éigeantach
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Ríomhphost	Tabharfar freagra ar gach cumarsáid i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Soláthraítear ceannteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, bileoga clúdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin, lipéid agus clúdaigh eile i nGaeilge nó sa dhá theanga.	Éigeantach
Comharthaíocht	Comharthaíocht	Ní mór do gach comhartha a chuireann Bord Oideachais agus Oilíúna Lú agus na Mí (BOOLM) nó thar a cheann a bheith i nGaeilge nó go dátheangach, de réir na rialachán (IR Uimh. 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar doiciméid ina leagfar amach tograí beartais poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
	Ciorcláin / Cora Poist	Sa chás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid leis an bpobal nó le haicme den phobal, i scríbhinn nó trí ríomhphost, chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme den phobal, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid sin.	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha na Gaeltachta	Úsáidfidh an comhlacht poiblí logainmneacha oifigiúla cheantair na Gaeltachta.	Éigeantach

Tabharfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) faoi na liostaí gníomhaíochtaí seo a leanas faoi gach seirbhís:

Modhanna cumarsáide leis an bpobal	Gealltanais	Amlíne Faoi Dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3	
Cumarsáid Béil / Scríofa	<u>Fáiltiú</u>	<p>Beidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil in Oifigí Riaracháin BOOLM ar Bhóthar na Mainistreach san Uaimh, Co. na Mí, agus i tSráid an tSéipéil, Dún Dealgan, Co. Lú. Tá seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil i gColáiste Pobail Ráth Chairn.</p> <p>Beidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil i nDroichead Átha, Co. Lú nuair a thógtar an Phríomhoifig nua.</p> <p>Tá eolas ag an bhfoireann fáiltithe ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge.</p> <p>Déanfar rogha teanga an chustaiméara a aithint agus díreofar é/í chuig an oifigeach cuí. Mura bhfuil an t-oifigeach ar fáil, tairgfear na roghanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Glaoch ar ais nuair a bhíonn cainteoir Gaeilge ar fáil • Gnó a dhéanamh trí bhall foirne eile a sholáthraíonn seirbhís aistriúcháin • Nó, leanúint ar aghaidh le gnó a dhéanamh i mBéarla 	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime.
	<u>Seirbhís Duine le Duine / Thar an gCuntar</u>	Cuirfear liosta cothrom le dáta de na baill foirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge ar fáil in Oifigí Riaracháin BOOLM san Uaimh agus i nDún Dealgan.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime.
	<u>Lasc-chlár</u>	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir sna Ceannoifigí i nDún Dealgan agus san Uaimh ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	<u>Teachtaireachtaí Taifeadta Ó Bhéal</u>	Beidh beannachtaí teileafóin pearsanta réamhthairfeadta ag an bhfoireann i bhformáid dhátheangach.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime.
	<u>Bileoga Faisnéise / Bróisiúir</u>	Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na bileoga faisnéise agus na bróisiúir is minice a úsáidtear ar fáil le haghaidh seirbhísí arna gcur ar fáil ag Coláiste Pobail Ráth Chairn.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime.
	<u>Foirmeacha Iarratais</u>	Cuirfimid leagan Gaeilge nó leagan dátheangach de na foirmeacha iarratais is coitianta ar fáil, m. sh. Foirmeacha iarratais ar gach post Múinteora i scoileanna mar aon le foirmeacha iarratais ar gach post i Scoileanna Gaeltachta.	Leanfar leis seo a sheachadadh.

Meáin	<u>Preaseisiúintí</u>	Eiseofar preaseisiúintí go dátheangach ag an am céanna, ar phreaseisiúintí iad a bhaineann leis an nGaelcholáiste (agus aon Gaelcholáiste eile a thosaíonn le linn shaolré na scéime) a oibríonn faoi shainchúram an Bhoird.	Leanfar leis seo a sheachadadh
	<u>Na Meáin Shóisialta</u>	Úsáidfear postálacha Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn i Ráth Chairn.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime.
	<u>Urlabhraithe na Meán</u> <u>Óráidí</u>	Beidh urlabhraí / urlabhraithe a bhfuil Gaeilge acu ar fáil le haghaidh agallaimh leis na meáin Ghaeilge. Cuirfimid ábhar Gaeilge san áireamh in óráidí Béarla, áireofar san ábhar sin beannachtaí oscailte agus deiridh i nGaeilge, agus tagairt anseo agus ansiúd i nGaeilge d'ábhar aon óráidí den sórt sin agus/nó don ócáid atá idir lámha, ar a laghad.	Leanfar leis seo a sheachadadh. Leanfar leis seo a sheachadadh.
Teicneolaíocht Faisnéise	<u>Ríomhphost</u>	Beidh teachtaireachtaí ríomhphoist caighdeánacha ar nós séanta dátheangach. Foilseoimid seoladh ríomhphoist tiomnaithe do cheisteanna i nGaeilge ar shuíomh gréasáin BOOLM.	Leanfar leis seo a sheachadadh. Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime.
	<u>Suíomhanna Gréasáin</u>	Cuimseofar i suíomh gréasáin BOOLM ráiteas dátheangach ón bPríomhfheidhmeannach lena ndearbhaítear tiomantas an Bhoird na gealltanais a rinneadh i scéim teanga an Bhoird a chur chun feidhme. Foilseofar ainm teagmhála ar ár suíomh gréasáin chun ceisteanna a chur chucu siúd sa phríomhoifig ar féidir leo an tseirbhís chuí a sholáthar trí Ghaeilge. Beidh teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach, agus beidh faisnéis faoi Chomhaltaí Boird an BOO, ar fáil go dátheangach ar shuíomh gréasáin BOOLM. Beidh beartais agus ábhar statach i nGaeilge ar shuíomh gréasáin BOOLM.	Leanfar leis seo a sheachadadh. Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime. Leanfar leis seo a sheachadadh. Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime.
	<u>Córais Ríomhaireachta</u>	Déanfaidh BOOLM a chinntiú go mbeidh córais ríomhaireachta nua atá á suiteáil a dhéileálann leis an bpopal (r-phost, idirlíon, íocaíochtaí ar líne) lán-ábaltá an Ghaeilge a láimhseáil de réir threoirlínte soláthair, ag tógáil san áireamh go bhfuil srian ar BOOLM i gcásanna áirithe maidir leis na córais atá ar fáil, m.sh. d'fhéadfadh go mbeadh creat soláthair náisiúnta de sholáthraithe ann nó go bhféadfadh sé go ndéantar an córas a sholáthar ina iomláine ar bhonn náisiúnta.	Leanfar leis seo a sheachadadh.

		Leanfaidh BOOLM ag úsáid teicneolaíochta ar bhonn gníomhach chun soláthar seirbhísí dátheangacha a fheabhsú.	
Ag múineadh trí Ghaeilge		Leanann BOOLM ag soláthar teagaisc trí Ghaeilge san Aonad i gColáiste Chú Chulainn, Dún Dealgan agus tá sé i mbun teagmhála leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le soláthar sa todhchaí.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
Gaeltacht	<u>Cruinnithe</u>	Tionólfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge. Cuirfear fáilte roimh ionchur i nGaeilge nó i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí nó thar a cheann. Tionólfar cruinnithe i nGaeilge, a eagraíonn an comhlacht poiblí ina ndéileáiltear le saincheisteanna Gaeilge.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	<u>Óráidí</u>	Is i nGaeilge amháin a bheidh gach óráid a bhaineann leis an nGaeltacht / a bheidh ar siúl sa Ghaeltacht.	

Caibidil 5: Feabhas á Chur ar Sholáthar de Sheirbhísí i nGaeilge i gCeantair Ghaeltachta

Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta agus a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre in oifigí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta faoi dháta áirithe.

Gealltanais i gCeantair Ghaeltachta

Tuairisc ar sheirbhísí i gceantair Ghaeltachta	Gealltanais	Amlíne Faoi Dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
<p>Tá ranganna Oideachais d'Aosaigh ar fáil ó am go ham.</p> <p>Is trí Ghaeilge amháin a sheoltar scolaíocht i gColáiste Pobail Ráth Chainn.</p>	Aithníonn BOOLM go bhfuil sainriachtanais theangeolaíoch ar leith ag pobail na Gaeltachta. Déanfaidh an Bord gach iarracht chun a chinntiú go ndéanfar gach seirbhís a bhaineann leis an nGaeltacht a sheachadadh amhlaidh trí mheán na Gaeilge, ag tosú le linn chéad bhliain a scéime teanga.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	Ní bheidh drochthionchar ag aon bheartais / thionscnaimh / chláir nua BOOLM ar shaintréithe cultúrtha agus teanga na Gaeltachta, ná ní dhéanfaidh siad damáiste dóibh. Déanfaidh an Bord gach ní is féidir leis a dhéanamh chun na tréithe sin a chothú agus a neartú.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	Maidir le logainmneacha na Gaeltachta, úsáidfidh BOOLM an leagan oifigiúil i gcónaí, de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 872 de 2004 - An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	Cinnteoigh an Bord gurb í an Ghaeilge an teanga oibre ina scoil / ionaid / oifigí i gceantair Ghaeltachta i gcás nach amhlaidh an scéal faoi láthair.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	Féachfaidh BOOLM le rúnaithe agus gach fostaí eile a cheapadh ina oifigí Gaeltachta (scoileanna agus ionaid oideachais aitheanta eile) a bheidh in ann déileáil le baill den phobal ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an mBord trí Ghaeilge.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	Soláthrófar gach doiciméad a bhaineann le réigiúin Ghaeltachta i nGaeilge amháin nó go dátheangach.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	Féachfaidh BOOLM le gach cruinniú a thionól do phobal na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge.	Leanfar leis seo a sheachadadh.
	Maidir le scoileanna BOOLM agus ionaid aitheanta oideachais sa Ghaeltacht, féachfaidh an Bord, ar gach bealach is féidir leis, chun foireann teagaisc a cheapadh a bheidh in ann na roghanna iomlána curaclaim ábhair a sholáthar go héifeachtach trí mheán na Gaeilge.	Leanfar leis seo a sheachadadh.

Caibidil 6: Cumas Teanga a Fheabhsú

6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne leis an leibhéal inniúlachta iomchuí sa Ghaeilge i ngach réimse oibre de chuid **Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM)** an príomhbhealach a n-úsáidtear chun an rochtain ar sheirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú. Féachfaidh ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir na nósanna imeachta náisiúnta earcaíochta comhaontaithe, don ghá inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Tabharfar pacáiste ionductaithe do gach ball foirne ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM)** tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanais	Amlíne Faoi Dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Feabhas a chur ar chumas Gaeilge	<u>Earcaíocht</u>	Tabharfar pacáiste ionductaithe d'fhoireann nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.	Faoi dheireadh chéad bliana na scéime.
	<u>Oiliúint</u>	<p>Cuirfear deiseanna chun inniúlacht Gaeilge na foirne a fhorbairt ar fáil. Déanfar socruithe cuí chun oiliúint sa Ghaeilge agus teastas tástála inniúlachta a chur ar fáil don fhoireann chun:</p> <ul style="list-style-type: none">• Tacú leis an bhfoireann chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a chothabháil agus a fhorbairt;• Feabhas a chur ar chumas na foirne a ndualgais Ghaeilge a chomhlíonadh i bhfeidhmiú a ndualgas, agus• Córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a sholáthar don fhoireann. <p>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós: www.tearma.ie, www.focloir.ie, www.teanglann.ie agus www.abair.ie chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Ó Dónaill.</p>	Faoi dheireadh chéad bliana na scéime.

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist atá liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé beartaithe go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe i nGaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo de réir fhreagrachtaí an phoist. Agus na poist seo á saineú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe lasmuigh de cheantair Ghaeltachta ach a bhfuil pobal Gaeltachta agus/nó Gaeilge ina measc den chuid is mó dá gcustaiméirí.

Teideal an Phoist	Suíomh	An pobal Gaeltachta/Gaeilge a bhfuiltear ag freastal air	Táscaire de chaighdeán na Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ó bunúsach, idirmheánach nó ardleibhéal)
Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, Stiúrthóirí, bainisteoirí, comhordaitheoirí agus gach post teagaisc i gceantar Gaeltachta.	Scoileanna, ionaid aitheanta oideachais agus seirbhísí eile de chuid BOOLM sa Ghaelcholáiste agus aon Ghaelcholáiste eile a thosaíonn le linn shaolré na scéime.	Pobal Gaeltachta Chontae na Mí agus pobail na Gaelcholáiste (agus aon Gaelcholáiste eile a thosaíonn le linn shaolré na scéime) atá ag feidhmiú faoi shainchúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe
Rúnaithe, feighlithe agus poist riaracháin eile i scoil sa Ghaeltacht agus sa Ghaelcholáiste (agus in aon Ghaelcholáiste eile a thosaíonn le linn shaolré na scéime).	Scoileanna, ionaid aitheanta oideachais agus seirbhísí eile de chuid BOOLM sa Ghaelcholáiste agus aon Ghaelcholáiste eile a thosaíonn le linn shaolré na scéime.	Pobal Gaeltachta Chontae na Mí agus pobail na Gaelcholáiste (agus aon Gaelcholáiste eile a thosaíonn le linn shaolré na scéime) atá ag feidhmiú faoi shainchúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh **Príomhfheidhmeannach BOOLM agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí** monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime. Is é Frank Smith, POC, Roinn Seirbhísí Corparáideacha agus Oideachais an duine teagmhála don scéim.

Beidh córas foirmiúil ann chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais chuig oifigí riaracháin, scoileanna agus ionaid ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus beidh cuntas air inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Foilseofar an scéim seo ar shuíomh gréasáin BOOLM agus ar SharePoint na foirne. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfear é ar gach ball foirne agus gníomhaireacht chuí. D'fhéadfaí go n-úsáidfí bealaí eile chun an scéim a phoibliú freisin.

Ina theannta sin, tapaímid gach deis inár n-idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraímid i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint ag fáiltithe a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí seo a liostáil go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- ag cur in iúl ar threoirínte, bileoga agus ar fhoirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura gcuirtear ar fáil iad go dátheangach;
- suntasacht chomhionann a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.